## Snáithe A: Ionduchtú Scoilbhunaithe

## Taisce: Foghlaim Phunannbhunaithe

Is próiseas tábhachtach é an fhoghlaim phunannbhunaithe chun tacú leat mar MNC agus tú ag glacadh páirt i gcomhráite gairmiúla le linn an phróisis Droichead, a bhealach atá éifeachtach agus fóinteach. Baineann an Chomhairle Mhúinteoireachta úsáid as an téarma Taisce (a thagann ón bhfocal Gaeilge ar *treasure trove*) chun tagairt a dhéanamh don phróiseas seo. Mar sin de, mar fhoghlaimeoir féinstiúrtha agus chun tacú le cleachtas machnamhach, coimeádfaidh tú Taisce. Cuireann páirt a ghlacadh sa phróiseas d'fhoghlaim phunannbhunaithe struchtúr ar fáil a chuireann ar do chumas thú machnamh a dhéanamh ar d'fhoghlaim ghairmiúil chomh maith le réimsí ina bhféadfadh tuilleadh tacaíochta nó treoraíochta a bheith ag teastáil uait a shainaithint agus a phleanáil.

Tá an-chuid solúbthachta ag baint le Droichead agus an Taisce á cruthú, is tusa a roghnaíonn an fhormáid agus an t-ábhar agus is leatsa í. Ba cheart, go hidéalach, go n-áireofaí príomhdheiseanna foghlama agus léargais ón bpróiseas Droichead, lena n-áirítear ionduchtú scoilbhunaithe, i.e. breathnóireacht ar mhúinteoirí eile ag teagasc, aiseolas iar-bhreathnóireachta, comhráite gairmiúla le baill FTG, srl. Príomhdheiseanna foghlama ó ghníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise a chur san áireamh, lena n-áirítear léargais ar chnuaschruinnithe agus/nó imeachtaí/comhráite foghlama gairmiúla eile.


CC BY NC




*Fíor 1: Cuspóir Taisce*

Leagtar béim ar cháilíocht seachas cainníocht, ar an bpróiseas seachas an toradh. Is féidir le Taisce cabhrú leat chun na réimsí a shainaithint ina bhféadfá tacaíocht nó treoraíocht a lorg iontu, réimsí a shainaithint ina bhfuil dul chun cinn déanta agat iontu agus le ceiliúradh a dhéanamh ar eispéiris foghlama agus ar éachtaí. Tá sé tábhachtach go gcuimhníonn tú gur tusa a roghnaíonn deiseanna agus léargais ar mian leat machnamh a dhéanamh orthu, agus an chaoi is fearr chun taifead a dhéanamh ar an machnamh sin. Ba cheart di do Thaisce forbairt thar am, mar spás foghlama agus forbartha atá leanúnach.

Má tá Taisce leis an tacaíocht is fearr a chur ar fáil do do chuid foghlama ar fud do ghairme, ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar mhíreanna a chuimsiú inti a thacóidh le foghlaim agus machnamh agus b'fhéidir, míreanna a tharraingíonn aird ar dhul chun cinn agus ar réimsí atá le forbairt.

Tá ríthábhacht ag baint le míreanna a chur san áireamh a chuireann meabhrúcháin fuaime agus/nó amhairc soiléire ar fáil de do chuid foghlama agus ar an gcaoi a ndeachaigh sí i bhfeidhm ar do chleachtas. Beidh tú ar an duine is fearr leis na míreanna is oiriúnaí a shainaithint, ach moltar go *mb'fhéidir* gur chóir duit smaoineamh ar *roinnt* dóibh seo a leanas a chur san áireamh:

- loga foghlama gairmiúla i.e. machnaimh ar phríomhdheiseanna foghlama maidir le do chuid teagaisc/ceachtanna, foghlaim scoláire, dul chun chinn do ranga, an curaclam, ag freastal ar cheardlanna etc. Físeáin/taifeadtaí fuaime a bhfuil spéis ghairmiúil ag baint leo nó atá ábhartha
- pictiúir de shamplaí de do chuid oibre féin agus/nó obair pháistí a raibh tú mar mhúinteoir acu
- dialanna físe a bheadh ina machnaimh chlosamhairc go bunúsach
- achoimre/breac-chuntas ar do phróiseas Droichead a thagraíonn do na caighdeáin, do do spriocanna teagaisc, do roinnt de na dúshláin a bhí romhat agus do thosaíochtaí d'fhoghlaim ghairmiúil amach anseo
- plean d'fhoghlaim agus tacaíocht amach anseo, bunaithe ar riachtanais agus gníomhartha ag teacht chun cinn a shainaithnítear i gcomhráite gairmiúla
- nótaí bunaithe ar chomhráite gairmiúla, cruinnithe agus breathnóireachtaí de chuid FTG agus ag FTG
- Ailt/acmhainní a bhí cabhrach/fiúntach duit.

Mar MNC, agus i gcomhar leis an FTG, roghnaíonn tú míreanna ábhartha ó do Thaisce mar fhócas le haghaidh comhráite gairmiúla a ndéanann fianaise eolas dóibh, atá lárnach don phróiseas Droichead. Is é seo bunús na foghlama gairmiúla sa phróiseas Droichead, rud a chumasaíonn gné phríobháideach agus gné phoiblí don phróiseas.



*Fíor 2: Tá cleachtas machnamhach ina chuid lárnach den phróiseas Droichead.*

Agus do Thaisce á coimeád agat, ba chóir duit meas a bheith agat ar phríobháideachas daoine eile agus ar rúndacht na fianaise a bailíodh le linn an phróisis. Chomh maith leis sin, ba chóir duit a bheith eolach ar chúrsaí eiticiúla agus cosanta sonraí, anaithnidiú a dhéanamh ar shonraí más cuí agus cinntiú go bhfuil do Thaisce stóráilte go sábháilte.

Beidh tuilleadh treorach ar phróiseas na foghlama punannbhunaithe ar fáil duit ag cnuaschruinnithe.

Cuimhnígí:

- Is í Taisce do spás féin le do chuid foghlama mar mhúinteoir nuacháilithe a eagrú agus a bhailiú. Ba chóir go bhfeilfeadh an fhormáid duit féin agus do do stíl foghlama, agus braitheann cruth an spáis seo ortsa
- Cinneann tú an méid a roghnaíonn tú ón spás chun tacú le comhráite gairmiúla le daoine eile
- Is próiseas é punann a chruthú ar féidir le múinteoirí a fhorbairt thar am ar fud a ngairmeacha.